Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/85

14.1.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/85 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Eanáir 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/385 ([1]).

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2024/385, ba cheart síneadh a chur leis an gCinneadh sin go dtí an 20 Eanáir 2026.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/385 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2024/385, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 20 Eanáir 2026.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Eanáir 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. SZŁAPKA

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin (IO L, 2024/385, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/385/oj).